Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Márta 2026**
**(OR. en)**

**6771/26**

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2025/0381(COD)**
**2025/0382(COD)**
**2025/0383(COD)**

**EF 49**
**ECOFIN 263**
**CODEC 325**
***ECB***

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Pacáiste um an gcomhtháthú margaidh agus maoirseacht<br>- Díospóireacht bheartais |

## I. RÉAMHRÁ

1. Freagraíonn an Teachtaireacht ón gCoimisiún i mí an Mhárta 2025 maidir leis an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta go díreach don sainordú a thug an Chomhairle Eorpach i mí Aibreáin 2024 agus i mí an Mhárta 2025 chun dul chun cinn tapa cinntitheach a dhéanamh maidir le coigilteas príobháideach a shlógadh san fhíorgheilleagar agus bearna infheistíochta struchtúrach an Aontais a dhúnadh. Ag tógáil ar an anailís ar thuarascálacha Letta agus Draghi, tabharfaidh an tAontas Coigiltis agus Infheistíochta Eorpach spreagadh straitéiseach tábhachtach d'fhás, d'iomaíochas agus d'athléimneacht fhadtéarmach na hEorpa.

2. Trí mhargaí caipitil a dhoimhniú agus a chomhtháthú, beidh ról lárnach ag an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta in iarrachtaí an Aontais margaí caipitil a bheith ann atá inrochtana do shaoránaigh agus do ghnólachtaí ar fud an Aontais, chun tairbhe na mBallstát uile. Cuideoidh sé freisin le coigilteas príobháideach a shlógadh chun tacú le riachtanais infheistíochta straitéisí an Aontais, rud a neartóidh an t-iomaíochas, an uathriail straitéiseach agus an tslándáil eacnamaíoch.

## II. STAID NA hIMEARTHA SA CHOMHAIRLE

3. Tar éis don Choimisiún an pacáiste um an gcomhtháthú margaidh agus maoirseacht a ghlacadh ar dtús an 4 Nollaig 2025, rinneadh an chéad phlé ar leibhéal na Meithle an 15 Nollaig 2025, lenar cuireadh fóram ar fáil don Choimisiún chun a thograí a leagan amach go cuimsitheach in éineacht leis an measúnú tionchair a ghabhann leis, agus lenar cuireadh ar chumas na mBallstát a gcéad phlé a dhéanamh ar struchtúr foriomlán an phacáiste.

4. Bhí plé eile ann an 15 agus an 16 Eanáir 2026 chun leanúint de scrúdú a dhéanamh ar na tograí mar rud iomlán comhtháite, ós rud é go bhfuil sé beartaithe ag an Uachtaránacht caitheamh leis an gcomhtháthú margaidh agus an mhaoirseacht mar phacáiste. Tionóladh an tríú Meitheal an 19 agus an 20 Feabhra 2026, agus rinneadh grinn-athbhreithniú sna seisiúin ar na leasuithe ar bhainistiú sócmhainní agus ar Chóras Píolótach na Teicneolaíochta Mórleabhar Dáilte (TMD) faoi seach. Tionóladh an ceathrú Meitheal ansin an 4 agus an 5 Márta 2026, rud a chuir ar chumas na dtoscaireachtaí plé sonrach a dhéanamh ar chroílár oibríochtúil na rialacha trádála agus iarthrádála. Le linn na seisiún sin, iarradh ar na Ballstáit a réamhthuairimí a chomhroinnt agus príomh-shaincheisteanna a shainaithint ar gá soiléiriú a dhéanamh orthu. Chuir an Coimisiún mínithe agus tuilleadh faisnéise ar fáil nuair a iarradh é sin, rud a d'fhág gurbh fhéidir scrúdú teicniúil cuiditheach spriocdhírithe a dhéanamh ar chomhpháirteanna éagsúla an phacáiste.

5. Ag féachaint chun cinn, cuireadh sceideal struchtúrtha uaillmhianach i bhfeidhm. An 30 agus an 31 Márta, pléifidh an Mheitheal na hathruithe a mhol an Coimisiún ar an Rialachán lenar bunaíodh an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA).

6. Ar an leibhéal polaitiúil, léirigh cruinniú cúlráide na gceannairí an 12 Feabhra an phráinn a bhaineann le dul chun cinn tapa a dhéanamh maidir leis an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta mar chumasóir cothrománach lena gcruthófar éiceachóras maoiniúcháin a rachaidh chun tairbhe d'infheistíochtaí i gcuspóirí straitéiseacha an Aontais. Ag an gcruinniú den Chomhairle Eorpach a bheidh ar siúl i mí an Mhárta, tíolacfaidh an Coimisiún treochlár 'Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin', ina mbeidh plean gníomhaíochta darb aidhm an Margadh Aonair a dhoimhniú agus, ar an gcaoi sin, iomaíochas an Aontais a neartú.

   I bhfianaise an chuspóra pholaitiúil chomhroinnte maidir le dul chun cinn nithiúil a bhaint amach faoin Aontas Coigiltis agus Infheistíochta, chuir an Uachtaránacht feabhas ar a pleanáil trí chruinnithe breise den Mheitheal a sceidealú. Tá sé i gceist leis an bpleanáil sin tacú le dul chun cinn pragmatach agus seasta i ngach gné den phacáiste. Thar thréimhse 3 mhí, beidh thart ar dheich gcruinniú den Mheitheal ann, rud a léiríonn tiomantas na hUachtaránachta leanúint d'fhuinneamh a chur san obair ar bhealach cothrom cuiditheach, á áirithiú di ag an am céanna go mbeidh dóthain ama ann chun scrúdú teicniúil críochnúil a dhéanamh.

7. I ndáil leis an méid sin, is ardtosaíocht pholaitiúil don Uachtaránacht é clár oibre an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta a chur chun cinn agus dul chun cinn nithiúil a dhéanamh maidir leis an Aontas sin, i gcomhréir le cuspóirí iomaíochais agus margaidh aonair an Aontais. Tá an Uachtaránacht faoi réir chun dul chun cinn cinntitheach a dhéanamh maidir le gach gné den phacáiste, lena n-áirítear trí dhíriú ar spriocanna insolártha teicniúla nithiúla, chun an chaibidlíocht maidir leis an bpacáiste um an gcomhtháthú margaidh agus maoirseacht a chur chun cinn mar chuid de chlár oibre níos leithne an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta.

## III. ÁBHAR PLÉ DO NA hAIRÍ

8. I bhfianaise an chúlra sin, iarrtar ar na hAirí díriú ar na ceisteanna seo a leanas:

- *Chun dul chun cinn nithiúil a thaispeáint do Chomhairle ECOFIN i mí an Mheithimh, conas a dhéanann na hAirí measúnú ar chur chuige na hUachtaránachta agus ar an mbealach chun cinn, lena n-áirítear sceideal feabhsaithe na Meithle?*

- *Cad iad na hathchóirithe is éifeachtaí laistigh den phacáiste um an gcomhtháthú margaidh agus maoirseacht maidir le coigilteas fadtéarmach a shlógadh agus é a chur i dtreo infheistíocht tháirgiúil? Sa chomhthéacs sin, cé na codanna den phacáiste um an gcomhtháthú margaidh agus maoirseacht ar shainaithin na hAirí go spreagann siad níos mó saincheisteanna nó go n-éilíonn siad soiléirithe nó coigeartuithe?*